# Soláthar Seirbhísí Seomra Tae ag Crannlann agus Páirc Chuimhneacháin JFK, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman



Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag lorg Tairiscintí chun Seirbhísí Seomra Tae a chur ar fáil ag Crannlann John F Kennedy, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman.

Tiomnaithe do John Fitzgerald Kennedy (an 36ú Uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá ó 1960 go 1963) is bailiúchán crann atá sa Chrannlann a bhfuil stádas idirnáisiúnta bainte amach aige. Suite in oirdheisceart na hÉireann, 12 km ó dheas de Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman. Y34 KA48. Clúdaíonn an chrannlann achar 252 heictéar agus éiríonn sé ó 36m ag an teorainn ó dheas go 271m ag mullach Shliabh Coiltir, cnoc feiceálach a bhfuil radharc iontach as ar shé chontae.

Cuirtear crainn ó ar fud na cruinne chomh maith le crainn dhúchasacha na tíre os comhair an phobail sa chrannlann. Tá plandaí adhmadacha eile sa chrannlann, amhail toir, plandaí dreaptha agus plandaí adhmadacha ar thalamh na crannlainne. Tá 5,000 speiceas agus cineál ar an iomlán sa bhailiúchán. Tá 61 heicteár de cheapacha foraoise agus 10 n-acra a bhfuil bhreis is 1,300 crann de 24 speiceas buaircíneach atá i mbaol ag fás sa chrannlann.

Tá dhá thaispeántas san Ionad Cuairteoirí, ceann ar an Uachtarán Kennedy agus seó closamhairc. Mínítear feidhmiú Crannlainne sa taispeántas is déanaí a cuireadh ar siúl san ionad.

Tá conairí siúil, siúlóidí coille, cathair ghríobháin, loch ina bhfuil pobal mallard, áit phicnice agus áit súgartha ar an láthair.

In aice leis an áit súgartha agus leis an gcathair ghríobháin. Tá Seomra Tae faoi dhíon ina bhfuil áit suí ann chomh maith le háit suí taobh amuigh a bhfuil cheannbhrat os a cionn.

Bíonn Crannlann John F Kennedy ar oscailt ó cheann ceann na bliana, seachas Lá Nollag.

**Uaireanta Oscailte na Seomraí Tae le linn an Gheimhridh (Deireadh Fómhair go Márta):**

10.00 go dtí 16.30 ón Luan go dtí an Domhnach & Laethanta Saoire Bainc

**Uaireanta Oscailte na Seomraí Tae (Bealtaine go dtí Lúnasa)**

10.00 go dtí 18.00 ón Luan go dtí an Domhnach & Laethanta Saoire Bainc

**Uaireanta Oscailte na Seomraí Tae in Aibreán agus Meán Fómhair**

10:00– 18:00 ón Luan go dtí an Domhnach & Laethanta Saoire Bainc

Óstálann Crannlann John F Kennedy grúpaí turais ó go leor pobal in Éirinn agus thar lear agus tá sé mar aidhm eispéireas fáilteach agus tairbheach a chur ar fáil do gach cuairteoir. Cuireadh fáilte roimh 12,000 cuairteoir chuig Crannlann John F Kennedy sa bhliain 2023. Is as Éirinn formhór na gcuairteoirí agus is as an gceantar go leor díobh. Tugann go leor cuairteoirí cuairt ar an láthair lena dteaghlaigh nó mar pháirt de ghrúpa beag. Filleann roinnt cuairteoirí gach lá nó gach seachtain le haghaidh siúlóidí rialta. Tagann an dara líon cuairteoirí is mó ón mBreatain Mhór, ón Eoraip agus ó Mheiriceá.

Bíonn cuairteoirí idirnáisiúnta ann níos minice i rith mhíonna an tsamhraidh (Meitheamh-Lúnasa). Is í an tréimhse seo, i gcomhthráth le laethanta saoire scoile na hÉireann, an t-am is gnóthaí den bhliain don chrannlann, go háirithe ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc. Ó tharla go n-athraíonn próifíl na gcuairteoirí go séasúrach, ba cheart d'fhothairgeoirí a thabhairt faoi deara gur chóir biachláir agus straitéisí ceannaigh a chur in oiriúint chun freastal ar na cuairteoirí ó cheann ceann na bliana.

Roinnfidh Oifig na nOibreacha Poiblí sonraí faoi áirithintí le haghaidh turais chóiste (c.50 cuairteoir in aghaidh an chóiste) leis an bhfoireann bainistíochta seomraí tae áitiúla chun pleanáil a cheadú.

I gcás cuairteoirí idirnáisiúnta le linn shéasúr gnóthach an tsamhraidh, is fearr biachláir a dhíríonn ar bhia traidisiúnta úr-ullmhaithe na hÉireann.

I gcás cuairteoirí baile agus custaiméirí lár an tsamhraidh, ba cheart smaoineamh ar bhiachlár do leanaí, tairiscintí, scéimeanna dílseachta, agus béilí níos lú.

Táthar ag súil le tairiscint láidir tae/caife, deochanna te agus bonnóga/scónaí/milseoga.

**Más spéis leat an deis seo, tugann Oifig na nOibreacha Poiblí cuireadh duit tairiscint a dhéanamh. Tá sonraí iomlána an Iarratais ar Thairiscintí ar fáil ar eTenders ag www.etenders.gov.ie Uimhir Aitheantais Tairisceana 3418655. 12:00 meán lae an 29/05/24 an dáta deiridh le haghaidh tairiscintí.**